Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Márta 2026
(OR. en)

7165/26
PV CONS 15
SOC 143
EMPL 60
SAN 136
CONSOM 73
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

9 Márta 2026

1. **An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 6863/26.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 6888/26

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

FOSTAÍOCHT AGUS BEARTAS SÓISIALTA

**Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha**

3. **Conclúidí maidir le hInfheistíocht a dhéanamh i leanaí: Folláine leanaí agus cuimsiú sóisialta a neartú agus bochtaineacht leanaí san Aontas a chomhrac** 6665/26
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí thuas.

4. **Timthriall na Bochtaineachta a bhriseadh: Seirbhísí cumasúcháin agus gníomhachtaithe duinelárnacha a fhorbairt** 6343/26
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, faoi threoir nóta ón Uachtaránacht a leagtar amach sa doiciméad thuas.

5. **Seimeastar Eorpach 2026**

(a) **Gnéithe fostaíochta agus sóisialta de Mholadh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro** 6172/26
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na gnéithe fostaíochta agus sóisialta a bhaineann leis an Moladh thuas.

(b) **Tuarascáil Chomhpháirteach 2026 ar Fhostaíocht** 6076/26
*Glacadh*

Ghlac an Chomhairle an Tuarascáil thuas.

(c) **Conclúidí maidir le Tuarascáil Chomhpháirteach 2026 ar Fhostaíocht** 6605/26
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí thuas.

(d) **Moladh maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach** 6081/1/26 REV 1 + ADD 1
*Glacadh* 6583/26

Ghlac an Chomhairle an Moladh thuas. Thíolaic an Ungáir ráiteas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

5. **(ar lean) Seimeastar Eorpach 2026**
**Ó Nuálaíocht go Poist ar Ardchaighdeán: an intleacht shaorga a úsáid chun fostaíocht ardcháilíochta agus cearta oibrithe a neartú**[1] 6171/26
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, faoi threoir nóta ón Uachtaránacht a leagtar amach sa doiciméad thuas.

6. **Athbhreithniú an Choiste Fostaíochta ar chur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg: príomhtheachtaireachtaí** 6184/26
*Formhuiniú*

D'fhormhuinigh an Chomhairle na príomhtheachtaireachtaí thuas.

**Aon ghnó eile**

7. (a) **Straitéisí Comhionannais de chuid an Aontais a bhí ann le déanaí:**

(i) **Straitéis 2026-2030 maidir le comhionannas inscne** 6668/26 6832/26

(ii) **Straitéis Frithchiníochais** 5626/26
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(b) **Na hImeachtaí a bheidh ar siúl le linn na hUachtaránachta** 6678/26
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

---

[1] I láthair Ollamh le hEacnamaíocht agus leis an Léann Eorpach i Scoil Eacnamaíochta Londan agus in Ollscoil na Cipire.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(c)** | **Cláir oibre an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta le haghaidh 2026**<br>*Faisnéis ó na Cathaoirligh faoi seach* | 2 | 6189/26<br>6205/26 |

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir Cathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta ar fáil.

**(d) Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

| | | |
|---|---|---|
| **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/691 a mhéid a bhaineann le tacaíocht d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu**<br>*Faisnéis ón Uachtaránacht* | 1 C | 7721/25 |

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(e)** | **Cruinniú Mullaigh Sóisialta Trípháirteach**<br>*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún* | 2 | 6784/26 |

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(f)** | **Togra chun soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar maidir le náisiúnaigh tríú tír a phostú i gcomhthéacs an Phacáiste um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair**<br>*Faisnéis ón Ísiltír, ón Ostair, ón mBeilg, ón mBulgáir, ón nGearmáin, ón Iodáil, ón Laitvia agus ó Lucsamburg* | 2 | 6783/26 |

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ísiltír, an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Ghearmáin, an Iodáil, an Laitvia agus Lucsamburg ar fáil.

---

1 An chéad léamh

S Nós imeachta reachtach speisialta

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

2 Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráiteas a ghabhann leis an mír neamhreachtach 'B' a leagtar amach in 6863/26**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 5d ar liosta na míreanna 'B':** | **Seimeastar Eorpach 2026**<br>**Moladh maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach**<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Aithníonn an Ungáir a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna, go háirithe in earnálacha atá tábhachtach do gheilleagar an Aontais ar bhonn straitéiseach. Dá bhrí sin, tacaíonn an Ungáir le cuspóirí an Mholta i gcoitinne. Ag an am céanna, tá na hábhair dhlíthiúla agus nós imeachta seo a leanas ag déanamh imní dúinn i gcónaí a mhéid a bhaineann leis an Moladh agus próiseas a ghlactha. Díríonn téacs an Mholta — go háirithe an roinn ina ndéantar iarrataí ar na Ballstáit — ar an oideachas agus ar an oiliúint go príomha, in ainneoin a bhunúis dlí (Airteagal 148(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh), a bhaineann leis an mbeartas fostaíochta. Cé go n-aithníonn an Ungáir gur uirlisí tábhachtacha iad an t-oideachas agus an oiliúint chun cuspóirí fostaíochta agus margaidh saothair a bhaint amach, ní hionann na réimsí beartais sin agus réimse na fostaíochta. Na príomhdhúshláin agus na príomhghnéithe a luaitear sa Mholadh, cuir i gcás an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a neartú, torthaí an oideachais threasaigh in ábhair ETIM a fheabhsú, agus infheistíocht a dhéanamh san oideachas, san oiliúint agus i scileanna, is faoi Airteagail 165 agus 166 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a thagann siad. Dá bhrí sin, níl an Ungáir cinnte go bhfuil ábhar an Mholta ag teacht go hiomlán lena bhunús dlí agus go dtugann prionsabal na príomhachta údar leis an rogha sin. I gcás ar bith, i bhfianaise na n-imthosca thuasluaite, creidimid go mba cheart an dréachtmholadh a bheith pléite agus formheasta ar a laghad ag na hairí oideachais sula nglacfaí ag an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí é.

Thairis sin, níl an Ungáir i bhfabhar ról an oideachais agus na hoiliúna a neartú faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe ós amhlaidh nach gcuimsítear na réimsí sin go hiomlán le bunús dlí Airteagal 148 (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, arb é an beartas fostaíochta is ábhar dó. Níl an Ungáir i bhfabhar go dtabharfaí isteach na Moltaí bliantúla ón gComhairle maidir le hoideachas agus oiliúint faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, bunaithe ar shamhail na gconclúidí bliantúla maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht. Níl aon fhasach ann do thogra bliantúil nua den chineál sin agus ní dhearnadh aon athrú ar dhlí an Aontais a thabharfadh údar leis. Lena chois sin, tá an t-oideachas agus an oiliúint ina gcuid de chreat bliantúil an tSeimeastair Eorpaigh cheana féin, mar is léir ó na tuarascálacha tíre agus na moltaí tírshonracha, ina luaitear na dúshláin bhliantúla agus an dul chun cinn a dhéantar i dtaca leis an oideachas, an oiliúint agus scileanna. Tríd is tríd, creideann an Ungáir gur cheart próiseas an tSeimeastair Eorpaigh a shimpliú, seachas é a leathnú.’